Meitheamh 2015/QP.14-V1 © QQI

# Beartas agus Critéir

## chun Aitheantas Acadúil do Cháilíochtaí Iasachta a Éascú

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1 ACHOIMRE .......... 3

2 RÉAMHRÁ .......... 3

**2.1** Comhthéacs an Bheartais .......... 4

**2.2** Comhthéacs Dlíthiúil .......... 4

**2.3** Cuspóir an Bheartais .......... 5

3 BEARTAS .......... 5

4 CRITÉIR CHUN COMHAIRLE AITHEANTAIS A CHUR AR FÁIL .......... 6

**4.1** Athbhreithniú ar Chomhairle Inchomparáideachta .......... 7

5 FOILSIÚ .......... 7

6 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO .......... 7

# 1 ACHOIMRE

Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (Acht 2012). Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI.

Leagtar amach sa doiciméad seo cur chuige beartais QQI maidir le haitheantas acadúil do cháilíochtaí iasachta in Éirinn a éascú trína ainmniú mar ionad Éireannach ENIC-NARIC[1] (Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise; Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil). Naric Ireland a thabharfar ar an lárionad seo.

Is é cur chuige QQI i leith aitheantas acadúil do cháilíochtaí iasachta a éascú comhairle údarásach a sholáthar ar líne i bhformáid ráitis inchomparáideachta neamhphearsantaithe.

Trí phróiseas comhairliúcháin, a mbíonn gach páirtí leasmhar páirteach ann, a dhéantar beartas QQI a chur i dtoll a chéile. Gheofar sonraí an phróisis forbartha beartais ar www.QQI.ie. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

# 2 RÉAMHRÁ

Is díol spéise é an beartas seo dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí iasachta acu agus dóibh siúd a gcuirtear na cáilíochtaí sin ina láthair. Tagraíonn sé go heisiach do chomhairle a sholáthar maidir le haitheantas acadúil ginearálta do cháilíochtaí iasachta. Cuireann an chomhairle sin an cháilíocht iasachta i gcomhthéacs chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann tríd an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a úsáid mar thagairt. Cuirtear comhairle ghinearálta ar aitheantas arna soláthar ag QQI ar fáil mar threoir beag beann ar an úsáid atá beartaithe a bhaint as an gcáilíocht.

Ní dhéanann QQI cinntí aitheantais. Daoine eile a dhéanann cinntí foirmiúla aitheantais, lena n-áirítear institiúidí oideachais, forais aitheantais ghairmiúla agus fostóirí.

Is é sainmhíniú QQI ar ‘cháilíocht iasachta’ cáilíocht a fhaightear lasmuigh den Stát nuair nach bhfuil aon ról ag QQI i ndearbhú cáilíochta seachtrach an chláir as a leanann an cháilíocht.

1 Gheofar faisnéis ar Líonra ENIC-NARIC ag www.enic-naric.net

Aithnítear sa bheartas seo go bhféadfadh comhaontuithe náisiúnta aitheantais, nó socruithe eile a bhaineann le cáilíochtaí idirnáisiúnta a eascraíonn as rannpháirtíochtaí déthaobhacha tír go tír, a bheith i bhfeidhm. Urramaíonn QQI comhaontuithe den sórt sin.

## 2.1 COMHTHÉACS BEARTAIS

Is é an CNC príomhmhodh eagrúcháin chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann[2]. Baineann sé le hábhar i gcás an bheartais seo go n-úsáidtear an CNC chun comhairle a thabhairt maidir le suí (leibhéal agus cineál dámhachtana nuair is féidir) cáilíochtaí iasachta i gcomhthéacs chóras na hÉireann. Féadfaidh institiúidí oideachais, forais ghairmiúla nó fostóirí an chomhairle seo a úsáid chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí iasachta chun críocha rochtain a thabhairt do shealbhóir na cáilíochta ar oideachas agus oiliúint leanúnach nó ar fhostaíocht.

Éascaíonn an beartas seo soghluaisteacht daoine aonair, agus ar an mbealach seo tacaíonn sé le beartais ábhartha náisiúnta agus Eorpacha amhail iad siúd a bhaineann le hoideachas agus soghluaisteacht mhargadh an tsaothair.

Oibreoidh QQI chun a chinntiú go gcloífidh cleachtais aitheantais náisiúnta le prionsabail threoracha ***an Coinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint***[3]. Mar an t-aon doiciméad dlíthiúil de Phróiseas Bologna, cuireann an coinbhinsiún seo taca faoi úsáid an chreata cáilíochtaí le haghaidh an Réimse Ardoideachais Eorpaigh(QF-EHEA) agus an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí araon. Go háirithe, cloítear leis an bhfo-théacs ar an "***Moladh maidir le hÚsáid Creataí Cáilíochtaí maidir le hAitheantas do Cháilíochtaí Iasachta***" (Meitheamh 2013)[4].

Is gné dhílis den obair seo aitheantas agus iniomparthacht cáilíochtaí Éireannacha a chur chun cinn thar lear chun muinín agus cómhalartacht a mhéadú ó thaobh aitheantas do cháilíochtaí trasna teorainneacha.

## 2.2 COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL

Is é an Coinbhinsiún an príomhdhoiciméad dlíthiúil idirnáisiúnta ina ndírítear ar aitheantas cothrom a bhaint amach do cháilíochtaí ardoideachais críochnaithe agus do cháilíochtaí a sholáthraíonn rochtain ar ardoideachas sa Réigiún Eorpach. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún comhpháirteach seo de chuid Chomhairle na hEorpa (CoE) agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) in 2004.

3 Le fáil ag http://conventions.coe.int/Treaty/Commun/QueVoulezVous.asp?NT=165&CL=ENG
4 Ar fáil anseo.

Ceanglaíonn Alt 9 d'Acht 2012 ar QQI:

- An CNC a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt tuilleadh agus a chur i bhfeidhm
- Comhoibriú le forais idirnáisiúnta ó thaobh beartais cháilíochtaí agus dearbhaithe cáilíochta agus a gcur i bhfeidhm. Go háirithe, áirítear leis seo idirchaidreamh a dhéanamh le forais cháiliúcháin lasmuigh d'Éirinn chun aitheantas idirnáisiúnta do cháilíochtaí a bhaintear amach in Éirinn a éascú.

### 2.3 CUSPÓIR AN BHEARTAIS

Is é cuspóir an bheartais seo cur chuige QQI i leith comhairle ghinearálta i dtaobh aitheantas acadúil a sholáthar ar cháilíochtaí iasachta a leagan amach.

## 3 BEARTAS

Is é cur chuige QQI i leith aitheantas acadúil do cháilíochtaí iasachta a éascú comhairle údarásach a sholáthar ***ar líne*** i bhformáid ráitis inchomparáideachta neamhphearsantaithe. Gabhann sé seo áit an bheartais faoinar cuireadh ráitis inchomparáideachta pearsantaithe ar fáil d'iarratasóirí aonair.

Níl aon ról ag QQI i dtaca le cáilíochtaí a fhíordheimhniú ná incháilitheacht daoine aonair a chinneadh ó thaobh rochtain a thabhairt ar fhostaíocht nó ar oideachas leanúnach. Tacaítear leis na ráitis seo le tuilleadh faisnéise a bhaineann leis an gcáilíocht atá i gceist agus naisc ghinearálta chuig faisnéis inspéise faoin gcóras oideachais agus oiliúna ábhartha.

Díreoidh QQI ar thaighde a dhéanamh ar chórais oideachais agus oiliúna agus cáilíochtaí iasachta chun an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a fheabhsú. Is é an aidhm clúdach cuimsitheach a sholáthar ar thíortha le faisnéis mhionsonraithe agus comhairle inchomparáideachta a chuirtear ar fáil ar líne i mbunachar sonraí cáilíochtaí iasachta insroichte do réimse leathan geallsealbhóirí.

Rachaidh QQI i mbun oibre le geallsealbhóirí a gcuirtear cáilíochtaí iasachta ina láthair chun críocha éagsúla. Tá sé mar aidhm ag an rannpháirtíocht seo beartas agus cleachtas aitheantais a fhorbairt a rachaidh chun leasa dóibh siúd atá ag lorg aitheantais dá gcáilíochtaí iasachta in Éirinn.

Agus comhairle á cur ar fáil acu, déanfaidh QQI tagairt do na creataí cáilíochtaí foriomlána san Eoraip agus ardóidh siad feasacht orthu.

Díreofar ar chomhoibriú leo siúd atá bainteach le cinntí aitheantais a dhéanamh.

Áirítear leo seo soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais, forais aitheantais ghairmiúla, ranna rialtais agus forais mhaoiniúcháin, chomh maith le fostóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha. Díreofar sa rannpháirtíocht seo ar riachtanais faisnéise a aithint agus a chomhlíonadh chun aitheantas do cháilíochtaí iasachta a sholáthar, go háirithe trí úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainn Líonra ENIC-NARIC. Cuirfear béim freisin ar fhaisnéis agus ar aiseolas a bhailiú ó na daoine sin atá ag déanamh cinntí foirmiúla aitheantais chun cur leis an gcomhairle a sholáthraíonn Naric Ireland.

# 4 CRITÉIR CHUN COMHAIRLE AITHEANTAIS A SHOLÁTHAR

Déanfaidh QQI comparáid idir cáilíochtaí iasachta agus cáilíochtaí atá suite ar leibhéil áirithe ar an CNC. Cuirtear comhairle aitheantais ar fáil bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear trí thaighde neamhspleách, trí acmhainní taighde a thiomsú, trí idirghníomhú le baill Líonra ENIC-NARIC agus trí ghníomhaireachtaí comhchosúla i dtíortha eile.

Treoraíonn prionsabail an Choinbhinsiúin, atá léirmhínithe ag Líonra ENIC-NARIC tríd an Limistéar Eorpach Aitheantais nó Lámhleabhar EAR5[5] an mheastóireacht ar cháilíochtaí iasachta. Úsáidtear uirlisí agus tionscnaimh aitheantais amhail Creataí Cáilíochtaí, creidmheasanna agus doiciméid Europass[6] chun comhairle aitheantais a sholáthar.
Go háirithe, gné bhunúsach d'aitheantas do cháilíochtaí iasachta a éascú is ea stádas an fhorais cháiliúcháin ina thír thionscnaimh. Cuireann QQI comhairle ar fáil maidir le haitheantas acadúil do cháilíochtaí iasachta i gcás inar foras cáiliúcháin atá aitheanta go náisiúnta, ar cuid den chóras oideachais agus oiliúna foirmiúil sa tír thionscnaimh í, a bhronnann an cháilíocht.

5 Rinne Airí Oideachais EHEA Lámhleabhar EAR a fhormhuiniú mar chuid de Communiqué Bhúcairist (2012) agus tá sé ar fáil ag: http://www. enic-naric.net/ear-manual-standards-and-guidelines-on-recognition.aspx

6 Gheofar tuilleadh eolais mar gheall ar Europass ag www.europass.ie

### 4.1 ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAIRLE INCHOMPARÁIDEACHTA

Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar chomhairle inchomparáideachta nuair a mheastar gur gá. I gcás ina ndéantar athruithe ar chórais cháilíochtaí (bídís iasachta nó Éireannach), féadfar comhairle inchomparáideachta a athrú.

Cuirfear dáta ar fáil le haghaidh aon athruithe a dhéanfar. Cuirfidh QQI fáilte roimh aiseolas ar chomhairle aitheantais a thairgtear.

## 5 FOILSIÚ

Cuirfear comhairle maidir le haitheantas acadúil ginearálta do cháilíochtaí iasachta arna soláthar ag QQI ar fáil i bhfoirm ráiteas inchomparáideachta ar a shuíomh gréasáin.

## 6 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar an beartas seo agus prionsabail agus cur chuige QQI i leith aitheantas do cháilíochtaí iasachta a athbhreithniú gach dhá bhliain tar éis ghlacadh an bheartais seo, nó níos luaithe más gá.

QQI, gníomhaireacht chomhtháite don
cháilíocht agus do cháilíochtaí in Éirinn